

Breithiúnas na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Lúnasa 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Corte d'appello di Venezia – an Iodáil) – Agecontrol SpA v ZR, Lidl Italia Srl

(Cás C-319/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – Talmhaíocht – Comheagrú na margaí – Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 – Torthaí agus glasraí úra pacáistithe – Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 543/2011 – Seiceáil na comhlíontachta – Iompar chuig díolphointe ar leis an gcuideachta mhargaíochta chéanna é – Doiciméad tionlacain – Léiriú an tír thionscnaimh)

(2022/C 408/22)

Teanga an cháis: an Iodáilis

An chúirt a rinne an tarchur

Corte d'appello di Venezia

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Agecontrol SpA

Cosantóirí: ZR, Lidl Italia Srl

An chuid oibríochtúil

Ní mór Airteagal 5(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle i ndáil leis na hearnálacha torthaí agus glasraí agus torthaí agus glasraí próiseáilte, arna léamh i bhfianaise Airteagal 8 den Rialachán sin agus Airteagail 113 agus 113a de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha i leith táirgí talmhaíochta áirithe (an Rialachán maidir le CEM Aonair), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 361/2008 ón gComhairle an 14 Aibreán 2008, a léirmhíniú sa chaoi nach gceanglaítear ar shealbhóir na dtáirgí sin doiciméad tionlacain a eisiúint chun comhlíonadh na gcaighdeán margaíochta do tháirgí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí a rialú. Mar sin féin, nuair a eisíonn an sealbhóir sin doiciméad den sórt sin, ní mór dó, ag gach céim de mhargaíocht na dtáirgí sin, ainm agus tír thionscnaimh na dtáirgí céanna a lua, beag beann go bhfuil na sonraí seachtracha a cheanglaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme Uimh. 543/2011 sofheicthe agus doscrista cheana féin ar cheann de na taobhanna dá bpacáistíocht, ar chlár fógraí atá infheicthe laistigh den mhodh iompair lena n-iompraítear iad agus ar na sonraisc arna n-eisiúint ag soláthraí na dtáirgí sin.

⁽¹⁾ IO C 310, 02.08.2021.

Breithiúnas na Cúirte (an Naoú Dlísheomra) an 8 Meán Fómhair 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht Hamburg – an Ghearmáin) – R.T. v Hauptzollamt Hamburg

(Cás C-368/21) ⁽¹⁾

(Tarchur chun réamhrialú – an tAontas Custaim – Cód Custaim an Aontais – Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 – An áit a dtabhaítear an fiach custaim – Cáin bhreisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 30 – Airteagal 60 – Airteagal 71(1) – Teagmhas inchánach agus inmhuireachacht i leith CBL ar allmhairiú – An áit a dtabhaítear an fiach cánach – Cinneadh maidir le neamhchomhlíonadh oibleagáide a fhorchuirtear le reachtaíocht chustaim an Aontais – Áit allmhairiú na n-earraí a chinneadh – Modh iompair atá cláraithe i dtríú tír agus arna thabhairt isteach san Aontas Eorpach in aghaidh an rialacháin chustaim)

(2022/C 408/23)

Teanga an cháis: an Ghearmáinis

An chúirt a rinne an tarchur

Finanzgericht Hamburg